Cúnant na Méaraí don

Aeráid & d'Fhuinneamh

Gluaiseacht ar leith ó bhun aníos

Faoin gCúnant, tugtar le chéile údaráis áitiúla agus réigiúnacha a bhfuil gealltanas saorálach déanta acu cuspóirí AE maidir leis an aeráid agus le fuinneamh a chur chun feidhme ina gcríoch féin.

Tá níos mó ná 6,500 sínitheoirí* páirteach **sa ghluaiseacht seo ar leith ó bhun aníos**, a tosaíodh in 2008 le tacaíocht ón gCoimisiún Eorpach.

In 2015, leag an tionscnamh cuspóirí nua síos: chuir Cúnant na Méaraí don Aeráid agus d'Fhuinneamh leis an ngealltanas chun CO_2 a laghdú, agus cuireadh oiriúnú don athrú aeráide san áireamh. Tá na húdaráis áitiúla a shínigh an Cúnant ar fad ag obair i dtreo cathracha dícharbónaithe láidre, ina bhfuil rochtain ag na saoránaigh ar fhuinneamh slán, inbhuanaithe, inacmhainne.

Tá siad tiomanta chun Pleananna Fuinnimh Inbhuanaithe agus Aeráide 2030 a fhorbairt agus **gníomhaíochtaí maolaithe agus oiriúnú don athrú aeráide** a chur i bhfeidhm.

Is é Cúnant na Méaraí an "tionscnamh is mó don aeráid agus d'fhuinneamh ar domhan".

Miguel Arias Cañete

an Coimisinéir Eorpach um Ghníomhú ar son na hAeráide agus Fuinneamh

© Grianghraf le Nathalie Nizette

Tugann ceannairí agus méaraí an AE tacaíocht shiombalach do Chúnant na Méaraí don Aeráid agus d'Fhuinnimh i bParlaimint na hEorpa in 2015.

Bí páirteach sa Chúnant!

Tá Cúnant na Méaraí don Athrú Aeráide agus d'Fhuinneamh oscailte do gach údarás áitiúil arna mbunú go daonlathach le hionadaithe tofa, is Cuma faoi mhéid agus céim curtha chun feidhme an bheartais fuinnimh agus aeráide. **Tugtar cuireadh do shínitheoirí a bhfuil gealltanas tugtha acu i leith spriocanna 2020 agus/nó Méaraí ag Dul in Oiriúint clárú arís do na spriocanna 2030.**

Faoi réir coinníollacha áirithe, is féidir le húdaráis bheaga agus meánmhéide a bheith páirteach mar ghrúpa sínitheoirí.

Is féidir le húdaráis fhonáisiúnta agus náisiúnta, chomh maith le heagraíochtaí eile neamhbhrabúis tacú le sínitheoirí trí na hacmhainní agus an saineolas is gá a chur ar fáil dóibh agus aitheantas a fháil mar **Chomhordaitheoirí** nó **Tacadóirí**.

* Sínitheoirí Chúnant na Méaraí i Márta 2016

Cad is fiú clárú?

- Aitheantas agus clú idirnáisiúnta ar ghníomhú d'údaráis áitiúil ar son na haeráide agus gníomh fuinnimh a bhaint amach
- An deis chun dul i gcion ar bheartas aeráide agus fuinnimh an AE
- Gealltanais inchreidte trí athbhreithniú agus monatóireacht ar an dul chun cinn
- Deiseanna airgeadais níos fearr do thionscadail aeráide agus fuinnimh
- Bealaí nuálacha chun aithne a chur ar dhaoine, taithí a mhalartú agus acmhainní a fhorbairt trí imeachtaí rialta, nascadh cathracha/bailte, seimineár gréasáin nó plé ar líne
- Tacaíocht phraiticiúil (deasc chabhrach), ábhar agus uirlisí treorach
- Rochtain ghasta ar "scoth an tsaineolais" agus cáis-staidéir mar ábhar spreagtha
- Féinmheasúnú éascaithe agus malartú idir piaraí trí theimpléid chomhchoiteanna monatóireachta agus tuairiscithe
- Creat tagartha solúbtha chun gníomh a ghlacadh, ar féidir é a chur in oiriúint do riachtanais áitiúla
- Comhar feabhsaithe agus tacaíocht ó údaráis náisiúnta agus fonáisiúnta

"I gcás Fonte Nuova, bhí deis againn trí Chúnant na Méaraí don Aeráid agus d'Fhuinneamh pleananna gníomhaíochta ar son an athraithe aeráide a fhorbairt ar mhaithe le bainsitíocht inbhuanaithe agus slándáil thodhchaí ár gcríche."

Donatella Ibba, Leas-Méara Comhshaoil, Fonte Nuova, an Iodáil

"Chabhair Cúnant na Méaraí linn cathair chliste inbhuanaithe a dhéanamh de Gent. Cuirtear acmhainní ar fáil le haghaidh cur chuige trasearnála chun cathair atá neodrach ó thaobh na haeráide de, saoránaigh fhreagracha agus geilleagar éiceabhách a fhorbairt"

Daniël Termont, Méara Gent, an Bheilg

"Tugann Cúnant na Méaraí don Aeráid agus d'Fhuinneamh deis dul chun cinn a dhéanamh ar ár n eangacha cliste, chun coigiltis a dheánamh ar thomhaltas cumhachta agus caidreamh a bhunú leis an bpobal áitiúil.

Bojan Sever, Méara Idrija, an tSlóivéin

Cúnant na Méaraí: céim-ar-chéim



Cuireann na sínitheoirí Plean Gníomhaíochta um Fhuinneamh Inbhuanaithe agus Gníomhú ar son na hAeráide (SECAP) isteach, lena gclúdaítear maolú agus oiriúnú araon - laistigh de dhá bhliain tar éis an tsínithe fhoirmiúil. Tá SECAP bunaithe ar Fhardal Bunlíne Astaíochtaí agus Measúnú Riosca & Leochaileachta Aeráide. Tuairiscíonn na sínitheoirí an dul chun cinn gach dá bliana.

Fís agus gealltanais na sínitheoirí

MAOLÚ

Borradh a chur faoi dhícharbónú ár gcríoch

OIRIÚNÚ

Ár gcumas chun dul in oiriúint do thionchair dhosheachanta ar an athrú aeráide a threisiú

FUINNEAMH SLÁN, INBHUANAITHE, INACMHAINNE

Éifeachtúlacht fuinnimh agus úsáid foinsí fuinnimh in-athnuaite a mhéadú

I dtreo fís chomhpháirteach go dtí 2050

Spriocanna fuinnimh agus aeráide AE 2030 a ghnóthú nó fiú a shárú

- Laghdú **40%** ar a laghad ar astaíochtaí CO_2 (agus gáis eile cheaptha teasa, más féidir) faoi 2030 trí fheabhsúcháin ar bhearta éifeachtúlachta fuinnimh agus úsáid níos mó a bhaint as foinsí in-athnuaite fuinnimh.
- **Teacht aniar** treisithe ar thionchar an athraithe aeráide
- Tuilleadh comhoibrithe leis na húdaráis áitiúla nó réigiúnacha san AE agus níos faide i gcéin chun **rochtain ar fhuinneamh slán, inbhuanaithe, inacmhainne a fheabhsú**

Ardchaighdeán mianach saoil i gcathracha inbhuanaithe, aeráid-díonacha, bríomhara

Conas clárú?

Tá gealltanas foirmiúil polaitiúil ag teastáil chun clárú le haghaidh Chúnant na Méaraí.

Ní mór don Mhéara nó d'ionadaí dá leithéid an fhoirm chláraithe a shíniú.

Tuilleadh eolais:
www.eumayors.eu > Rannpháirtíocht

Oifig Chúnant na Méaraí

Tá Oifig Chúnant na Méaraí freagrach as comhordú foriomlán an tionscnaimh seo. Tá líonraí údarás áiitúl agus réigiúnach páirteach ann - Energy Cities, Climate Alliance, CEMR, EUROCITIES agus FEDARENE, ag obair i ndlúthpháirtíocht le ECOFYS, Fresh Thoughts agus IFOK.

Tuilleadh eolais

Oifig Chúnant na Méaraí
63-67 rue d'Arlon
1040 Brussels
An Bheilg
Teil: +32 2 400 10 67
R-phost: info@eumayors.eu
Twitter: @eumayors

Dáta na bileoige Aibreán 2016 - © Grianghraif le Nathalie Nizette

www.eumayors.eu

Le cómhaoiniú ó na Cláir Fuinnimh Chliste na hEorpa agus LIFE+ de chuid an Aontais Eorpaigh

Cúnant na Méaraí
don Aeráid agus